



Gaelscoil Thaobh na Coille

♪♪ Tá an Nollaig buailte linn ♪♪

09/12/2020

Beithilín na Nollag Christmas Crib



Tá beithilín álann Nollaig againn i mbliana a bhúiochas dár n-airíoch iontach Colm Mac Giolla Phádraig. Bhíodh an beithilín againn sa phasáiste díreach laistigh den doras tosaigh gach Nollaig ach i mbliana b'éigean dúinn suíomh nua a fháil dó toisc go bhfuil na páistí ag baint úsáide as doirse éagsúla le dul isteach is amach agus nach mbeadh ag dul thar an beithilín gach lá ach daltaí R1. Bhuail an smaoineamh mé go mba dheas an rud é dá bhféadfaí an beithilín a chur lasmuigh sa chlós áit go bhfeicfeadh níos mó páistí é, ach ní raibh mé cinnte conas tabhairt faoi agus ní raibh mórán ama ann le mo mhian a chur i gcrích. Luagh mé mo smaoineamh le Colm maidin Dé hAoine agus chuaigh sé i mbun oibre ar an bpointe boise agus faoin Domhnach bhí beithilín álann so-ghluaise tóigthe aige don scoil. Tá an iliomad buanna ag Colm agus bíonn sé sásta rud ar bith a dhéanamh ar son na scoile agus ar son na bpáistí. Bhéimís cailte gan é. Nár laga Dia thú a Choilm.


We have a beautiful Christmas crib this year thanks to our wonderful caretaker Colm Mac Giolla Phádraig. We used to put up the crib in the hallway just inside the front door every Christmas but this year we had to find a new location for it as the children are using different entrance and exit doors this year and R1 would be the only children passing by the crib. The idea struck me that it would be a nice thing if we could put the crib outside in the yard where more children would see it but I wasn't sure how to go about it and there was little or no time left to fulfill my wish. I mentioned my idea to Colm on Friday morning and he got to work right away and by Sunday he had built a beautiful moveable crib for the school. Colm has so many talents and is always willing to go above and beyond for the sake of school and the children. We would be lost without him. Nár laga Dia thú a Choilm.

Cruinnithe Tuistí Múinteoirí Parent Teacher Meetings



Ba mhaith liom mo mhíle buiochas a ghabháil leis an múinteoirí as tabhairt faoi na cruinnithe tuismitheoirí & múinteoirí go fiorúil ar Zoom ag deireadh na míosa seo caite. Dúshlán mór nua a bhí ann dóibh agus thugadar faoi go dearfach agus le dea-thoil. Tá an t-ufás foghlama nua déanta ag an bhfoireann ó mhí Márt agus táim an-bhródúil astu mar fhoireann, as an solúbthacht agus an toileantas a léiríonn siad tabhairt faoi rudaí ar bhealach nua, fiú nuair nach mbíonn siad 100% ar a gcompord leo. Buiochas libhse a thuismitheoirí as bhúr dtacaíocht. Bhí freastal na dtusimitheoirí ar na cruinnithe fíor-ard go deo. Cé gur trua é nach raibh na múinteoirí in ann bualadh libh go pearsanta bhí siad an-sásta an deis a fháil labhairt libh tríd an scáileán. Bhí an-fhaoiseamh orainn gur beag deacracht teicniciúil a bhí againn thar an dá lá agus gur éirigh linn teacht timpeall ar na deacrachartaí beaga sin. Cé a chreidfeadh an t-am seo anuraidh go mbeimís ag tabhairt faoina leithéid!

I would like to thank the teachers for conducting the parent & teacher meetings virtually on Zoom at the end of last month. It was a new challenge for them and they approached it with positivity and enthusiasm. The staff have had to master so many new skills since March and I am very proud of how flexible and willing they are to take on new challenges even when they are not 100% comfortable with them. Thanks also to you the parents, for your unending support. The attendance at the Parent Teacher meetings was exceptionally high. Although it was unfortunate that the teachers were unable to meet with you in person they were delighted to have the opportunity to speak to you virtually. We were extremely relieved to have been able to conduct so many meeting (c.450) with only a few minor technical hitches. Who would have thought this time last year that we would be doing such a thing!





Leathanach 2

Madraí

Níl sé ceadaithe madraí (fiú cinn gleoite) a thabhairt isteach sa chlós nó ar thailte na scoile fiú má tá siad ar cheangal treorach. Tá an riall seo i bhfeidhm ar mhaithle le sábháilteachta na bpáistí & ar mhaithle le bheith cothrom do pháistí a bhfuil faitios orthu roimh mhadraí.




Dogs

Dogs (even the cute ones) are not permitted on the yard or in the school grounds even if they are on a lead. This rule is in place in order to ensure the safety of the children and in consideration of children who may be fearful of dogs.

Féilire 2021

Comhghairdeachas le Coiste na dTuismitheoirí agus gach duine a raibh baint nó páirt acu leis an bhféilire scoile do 2021 a chur le chéile. Glacadh na grianghraif ar bhealach a bhí dílis do threorlínne Covid-19 agus táimid an-sásta leo. Buiochas leis na hurrái ar fad agus buiochas freisin le Paul Mac Cárthaigh (daid Maedhbh R5B & Sibéal R2B) www.paulmccarthyphotography.com as an obair ghriangrafadóireachta a dhéanamh.



2021 Calendar

Congratulations to Coiste na dTuismitheoirí & everyone involved in putting together the 2021 School Calendar. The photographs were taken in a 'socially distanced' way and we are delighted with the results. Thanks to all the sponsors & a special mile buiochas once again to Paul Mac Cárthaigh (dad of Maedhbh R5B & Sibéal R2B) www.paulmccarthyphotography.com for doing all the photography.

Crios Tuirlingthe

Táimid an-sásta leis an tslí a bhfuil an crios tuirlingthe ag feidhmiú ar maidin. Buiochas le Coiste na dTuistí & na tuistí ar fad a chabhraigh leo leis an gcóras go dtí seo. Táimid den tuairim nach bhfuil gá leis na treoraithe a thuile marsin táimid chun stop a chur leis ar feadh tamaillín ACH táimid ag súil go gcloifidh gach duine leis na treoracha tuirlingte atá i bhfeidhm :



Trácht aonlíné amháin le bheith sa chrios tuirlingthe os comhair na scoile – seo crios tuirlingthe sábháilte – is gá do thiománaithe fanacht sa líne tráchta go mbogann an carr os a gcomhair amach ar aghaidh – COSC iomlán ar scoitheadh. Dalta le scaoileadh amach agus tiomanaí le tiomáint amach an geata arís.



Drop & Go Zone

We are pleased with the way the drop & go system is functioning in the morning. Thanks to the Parents' Committee & all the parents who have helped with the drop & go zone so far. We are of the opinion that the car marshaling is no longer necessary so we are going to stop it for now BUT hope everyone will continue to follow the drop & go procedures that are in place :

Single line traffic only through drop off zone in front of the school – this is a safe drop and go zone - all cars must wait in line until the car in front of them moves on – absolutely NO overtaking at any time. Pupil to disembark & driver to continue journey out the gate again.

Crannchur na Nollag

Beidh Crannchur Nollag á eagrú sa scoil do na páistí agus beidh seacláídí áille Nollaig mar dhuisceanna sa chranncchur.


Ticéid €1 Airgead á bhailíú ar son carthanacht.



Christmas Raffle

A Christmas Raffle will be held in the school for the children with lovely Christmas chocolate treats as prizes.

Tickets €1 Money collected to go to charity.





Leathanach 3

Féilire Aidhbhinte Advent Calendar

Tá Féilire Aidhbhinte mór againn sa scoil crochta ar an mballa os comhair oifig an phríomhoide. Tá beart beag ann do gach lá ón 1 Nollaig go dtí an 24 Nollaig. Tarraingítear 2 ainm as ainmneacha na ndaltaí ar fad atá sa scoil agus glaoightear amach thar an gcóras cumarsáide scoile iad - páitse amháin ó na ranganna sóisearacha (N1 go R2) & páiste eile ó na ranganna sinsearacha (R3 go R6). Bíonn na páistí ar bís gach lá le fáil amach cé a bheidh ag fáil beart an lae. Ba iad Felix Mac Cadáin (R1A) agus Katie Dubhdail (R3A) a fuair na féiríní ar gcéad lá, 1 Nollaig.



Katie Dubhdail (R3A)



Felix Mac Cadáin (R1A)

We have a giant Advent Calendar in school hanging on the wall in front of the principal's office. There is a small gift for each day from December 1st to 24th. 2 names are drawn each day and called out over the school's intercom system - one child from the junior classes (N1 to R2) and another child from the senior classes (R3 to R6). The children are excited to find out whose name will be called out each day. Felix Mac Cadáin (R1A) and Katie Dubhdail (R3A) received the surprise gifts on the first day.

Páirceáil Dáinséarach Iasmuigh den Scoil

Tá roinnt gearán faigte againn ó dhaoine a bhfuil cónaí orthu i mBeallairmín faoin tslí a bhfuil tuismitheoirí de chuid na scoile s'againe ag páirceáil go contúirteach ar thaobh an bhóthair ag am fágála agus bailithe na scoile. Tá carranna ag páirceáil ag an gcúinne idir Gleanntán Beallairmín agus an bóthar a théann suas go Coillte Beallairmín. Cuireann na carranna seo bac ar ghluaiseacht na tráchta agus fágann siad tiománaithe dall ar choisithe (páistí na scoile) agus iad ag teacht agus ag imeacht ón scoil.

Dangerous Parking outside the School

We have received several complaints from Belarmine residents about parents parking dangerously at or on the junction between Belarmine Vale and the roadway up to Belarmine Lawns/Woods at drop off and pick up times. Cars are parking in such a way that they block access to the road leading from Belarmine Woods and block drivers view of oncoming traffic and pedestrians (your children) as they make their way to and from school.

Cosc ar Pháirceáil ar Ghleanntán Beallairmín

Tuigeann gach duine go bhfuil ionaid páirceála ar fhearrann na scoile agus i ngar don scoil fíor-ghann. Moltar go mór dóibh siúd gur féidir leo é siúl nó rothaíocht chun na scoile. Más gá an carr a úsáid le páistí a thabairt ar scoil moltar páirceáil píosa beag ón scoil agus siúl isteach go Gleanntán Beallairmín.

D'aontaigh Boird Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille & Stepaside ETNS go n-iarrfaí ar thuismitheoirí an dá scoil gan páirceáil ar Ghleanntán Beallairmín ag am ar bith. Iarraimid dá bhrí sin ar thuistí Ghaelscoil Thaobh na Coille gan páirceáil in aon áit i nGleanntán Beallairmín ach amháin i gcarrchlós na dtuistí sa scoil nó 'sna hionaid páirceála oifigiúil ar an mbóthar os comhair na scoile. Ciallóidh sé seo go mbeidh an trácht in ann gluaiseacht gan bhac.

No parking on Belarmine Vale

Parking places in the school grounds and in the vicinity of the school are extremely limited. It is recommended that those of who can, walk or cycle to school. If children have to be driven to school it is suggested that you park a little bit away from the school and walk into Belarmine Vale.



It was agreed by the Boards of Management of Gaelscoil Thaobh na Coille & Stepaside ETNS that the parents of both schools would be asked not to park on Belarmine Vale at any time. We therefor ask the parents of Gaelscoil Thaobh na Coille not to park anywhere in Belarmine Vale except in the parent's carpark in the school grounds or in the official parking spaces on the roadway directly in front of our school. This will ensure that Belarmine Vale is a clearway and that traffic will not be impeded by parked cars on either side of the road.





Leathanach 4

R6A - Gaeilge 24

Ar an Mháirt 10 Samhain ghlacamar páirt i nGaeilge 24 ar son Conradh na Gaeilge. Bhí orainn Gaeilge a labhairt don lá ar fad ar scoil agus sa bhaile. Bhaineamar an-taitneamh as. Rinneamar rang acláiochta ar-líne ar maidin agus níos déanaí rinneamar rang ióga agus aireachas trí Ghaeilge ar-líne freisin. Fuaireamar ar fad t-léinte daite, bandaí láimhe agus leabhrán le frásáid chun Gaeilge a mhúineadh d'ár dtuismitheoirí sa bhaile. Ghlacamar páistí i dTráth na gCeist ranga agus bhuaigh ár 'bpod'! Bhí lá iontach ag gach duine ag labhairt Gaeilge ar scoil agus sa bhaile. Beatha teanga í a labhairt!

Scríofa ag Max, Aobha, Conall & Ava R6A



R4B - Na Lochlannaigh

Bhí rang 4B ag obair go crua ar na Lochlannaigh. Rinneamar long fhada na Lochlannaigh as plátaí páipéir. Tharraingíomar leath phortráid do Lochlann, thóg sé seo go leor ama orainn. Ansin, scríobhamar an fhaisnéis nua ar fad a d'fhoghlaimíomar ar na sciatha. An raibh a fhios agat go ndearna na Lochlannaigh ionsaí ar Baile Átha Cliath?



R5B - Lá Breithe Sona!

Tá seachtar i rang a cúig le breithlaethanta i mí na Nollag; Seán, Tuathal, William, David, Alannah, Alex agus Aoife. Rinneamar geansaithe Nollag a tharraingt don ealaín agus croch muid crann Nollag sa seomra.





Leathanach 5

R4A - Ár nÉan Andúchasacha

Bhíomar ag foghlaim faoin mBrasaíl agus faoi na hainmhíthe atá ina gcónaí san Amasóin. Is é an Tucan éan andúchasacha na Brasaíle. Dhear muid ár n-éan andúchasacha féin.



R1A - Dearcadh Dearfach



Bíonn R1A ag smaoineamh go dearfach faoi na rudaí deasa ar fad a dhéanann siad gach lá.



R1B - Clann Lir

Fadó fadó in Éirinn bhí rí ann darbh ainm Lear. Bhí ceathrar páistí aige; Conn, Fionnuala, Fiachra agus Aodh. Nuair a bhí na páistí óg, fuair a mamaí bás. Bhí brón an domhain orthu. Tar éis tamaill, phós Lear bean eile. Aoife ab ainm di. Bhí grá aici do Lear ach bhí fuath aici do na páistí.

Lá amháin, chuaigh na páistí ar thuras le hAoife go dtí loch in aice leo. Bhí plean aici. D'úsáid sí slat draíochta agus rinne sí ealaí de na páistí agus iad ag súgradh san uisce.



Bheadh orthu 900 bliain a chaitheamh mar ealaí agus ní bheadh deireadh leis an ngeis go dtí go gcloisfidís clog ag bualadh. Nuair a chuala Lear cad a rinne Aoife bhí sé an-fheargach léi. Rinne sé éan gránna di agus d'eitil sí ar shiúl.

Bhí na healaí in ann labhairt. Nuair a tháinig Lear chuig an loch bhí iontas air. D'inis siad gach rud dó. Thóg Lear teach cóngarach don loch agus thug sé aire do na healaí. Ach fuair Lear bás cúpla bliain tar éis sin.

Tar éis 900 bliain chuala na healaí clog an tséipéil ag bualadh agus d'athraigh siad ar ais. Ní ealaí a bhí iontu níos mó ach daoine. Bhí siad an-sean agus fuair siad bás go gairid ina dhiadh sin.

R5A - Peataí & Rothair!

Tá an rang seo thar a bheith tugtha do pheataí. Tá peataí ag níos mó ná leath den rang agus fuair seisear peataí díreach le linn tréimhse an dianglasáil.

Freisin tá an rang tar éis éirí craicealte faoi rothaíocht. Tá rothar ag gach duine sa rang agus tagann 9 ar scoil ar an rothar chuire lá. D'fhoghlaím muid dán mór fada faoin Nollaig le véarsa ag gach duine. Tá físeán déanta againn de, do na tuismitheoirí le haghaidh Google Classroom.

Tá muid ag déanamh clár 10 gceacht ar Scratch. Má éiríonn linn é a chríochnú, beidh muid ag fáil teastas ó Scratch Ireland. Tá féilire ranga againn le duais gach lá i Mí na Nollag. Bíonn seacláid ann chuile lá agus uaireanta duaiseanna breise!





Leathanach 7

N2A Ultan Ulchabhán

Is cara é Ultan Ulchabhán le Daidí na Nollag. Tá sé ag caitheamh roinnt ama i seomra N2A faoi láthair. Is brae leis na bréagán ar fad atá sa seomra ranga agus marsin bogann sé timpeall an tseomra gach lá chun spraoi le bréagain éagsúla. Sciob sé úll an Múinteoir Ní Mháille lá amháin - caithfidh sé go raibh an-oeras air!



Calóga sneachta ag titim,

ag titim, ag titim

Calóga sneachta ag titim

go héadroom as an aer

Brat bog bán ar an talamh,

an talamh, an talamh

Brat bog bán ar an talamh

nach deas an brat ban í!



N2B Calóga Sneachta

Tá obair ealaíne álann le feiceáil i seomra N2B. Tá calóga sneachta agus fir sneachta ar crochadh sa seomra ranga. Tá amhrán foghlamtha acu faoi na calóga sneachta agus bíonn siad á chanadh go laethúil. Cloiseann an Múinteoir Nic Chonchradaha iad ag canadh mar go bhfuil a hoifig in aice le seomra ranga N2B.



Crann Nollaig na Scoile - meastú cad iad na bronntanais atá thíos faoin grann?

N1C Síoga na Nollag - nach iad atá gleuite!





Leathanach 8

**Cara Sinclair**

Age 5

Woodland Girl

Flowers and natural materials

I went on a nature walk with my family and picked up lots of natural materials. I made this self-portrait from what I collected.

Duais Portráid Óg 2020

Comhghairdeas le Cara Sincléir i N2B a raibh a portráid ar an ngearrliosta sa chatagóir faoi 6 i gcomórtas Portráid Óg Zurich 2020. Tá portráid Chara ar taispeáint go poiblí i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann go dtí Márt 2021 nuair a bhogfaidh an taispeántas go Gailearaí Crawford i gCorcaigh. Chruthaigh Cara an phorráid seo mar chuid dá hobair bhaile sna náionán shóisearacha le linn na dianghlásála. Píosa álann oibre agus éacht iontach.



Young Portrait Award 2020

Congratulations to Cara Sincléir in N2B whose portrait was shortlisted in the under 6 category in the Zurich 2020 Young Portrait competition. Cara's portrait is on public display in the National Gallery of Ireland until March 2021 when the exhibition moves to the Crawford Gallery in Cork. Cara created this portrait as part of her junior infant homework during lockdown. What a lovely piece of work and a wonderful achievement.



Nollaig Shona agus Athbhliain faoi mhaise dhaobh go léir

